# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDU AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

## STAIDÉAR GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN B

**(300 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH 2004 – MAIDIN, 9.30 a.m. - 12.00 nóin

- **<u>Cúig cheist</u> ar bith le freagairt.**
- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN B (300 Marc)

**<u>Cúig cheist</u> ar bith le freagairt.**
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair (A), (B) agus (C). Ceist í seo faoi Bhúiséad Teaghlaigh**
*(Le comhlánú ar leathanach 6 de Roinn A)*

Seo thíos buiséad do Mhuintir Uí Chathasaigh do na ceithre mhí thosaigh de 2004:

Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €170.

**<u>Ioncam Pleanáilte</u>**

- Tuilleann Brian Ó Cathasaigh €1,900 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le haisíoc cánach de €800 i mí Feabhra.
- Tuilleann Deirdre Uí Chathasaigh €1,750 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aici le hardún €400 glan in aghaidh na míosa ó 1 Márta.
- Is é an sochar leanaí ná €550 glan in aghaidh na míosa.
- Tá súil ag an teaghlach díbhinn €1200 glan ar scaireanna a fháil i mí Feabhra.

**<u>Caiteachas Pleanáilte</u>**

- Is é an Cíos Tí ná €550 in aghaidh na míosa ach tiocfaidh ardú go €650 in aghaidh na míosa air ó 1 Feabhra.
- Tá an phréimh árachais ar inneachair an tí, €600 in **aghaidh na bliana**, iníochta go **míosúil ó** 1 Eanáir.
- Is é an t-árachas bliantúil ar ghluaisteán an teaghlaigh ná €550, atá iníochta i mí Márta.
- Bíonn costais teaghlaigh €2,100 acu in aghaidh na míosa de ghnáth ach amháin i mí Feabhra nuair a bhíonn siad €1,000 **níos lú**.
- Ceaptar gur €250 a bheidh ar bhillí BSL le haghaidh solais agus teasa i mí Eanáir agus €300 i mí Márta, agus beidh gá le líonadh ola teasa ar chostas €600, i mí Feabhra.
- Beidh costais reatha ghluaisteáin €400 in aghaidh na míosa acu ach amháin i mí Aibreáin nuair a bheidh costas €300 **breise** ar sheirbhís don ghluaisteán.
- Íocann Muintir Uí Chathasaigh síntiús míosúil €30 leis an gcomhlacht teileafóin as úsáid an Idirlín (www). Lena chois sin, ceaptar go mbeidh €150 ar an ngnáthbhille teileafóin don teach i mí Feabhra agus €200 i mí Aibreáin.
- Tá saoire in áirithe ag an teaghlach a chosnóidh €2,500 i rith an bhriseadh scoile i mí Feabhra.
- Cosnóidh siamsaíocht €800 gach mí ach amháin i mí Feabhra nuair a chosnóidh sí €300.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do bhuiséad teaghlaigh (ar leathanach 6 de Roinn A) ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. (50)

**(B)** An le Muintir Uí Chathasaigh an teach ina gcónaíonn siad? Luaigh **cúis amháin** le do fhreagra. Scríobh do fhreagra sa spás atá ar fáil. (5)

**(C)** Cé mhéad a thuillfidh Deirdre Uí Chathasaigh sa bhliain iomlán (2004) mura bhfuil aon athrú eile ina tuarastal? Scríobh do fhreagra sa spás atá ar fáil. (5)

**(60 marc)**

**2.** **Freagair (A), (B) agus (C). Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha & Clár Comhardaithe do Ghnólacht Seirbhíse.** *(Le déanamh i do Fhreagarleabhar)*

Is gnólacht é Blue Cabs Teo. a chuireann seirbhís tacsaí ar fáil i dtrí bhaile éagsúla. Ullmhaíonn an gnólacht Ráiteas Oibriúcháin (Cuntas Brabúis & Caillteanais) agus Clár Comhardaithe ag deireadh gach bliana. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31 Nollaig 2003, deireadh na bliana airgeadais:

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2003** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó Nás | | 130,000 |
| Ioncam ón Uaimh | | 125,700 |
| Ioncam ón Muileann gCearr | | 103,500 |
| Árachas | 35,920 | |
| Solas agus Teas | 3,900 | |
| Teileafón | 14,750 | |
| Pá Tiománaithe | 47,300 | |
| Peitreal agus Seirbhís Ghluaisteán | 28,180 | |
| Cáin Bhóthair | 6,450 | |
| Fógraíocht | 5,300 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 4,950 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 6,350 | |
| Gnáth Scairchaipiteal (80,000 scaireanna €1) | | 80,000 |
| Áitreabh agus Trealamh | 70,000 | |
| Mótarfheithiclí | 226,000 | |
| | 444,150 | 444,150 |

**(A)** Ullmhaigh **Ráiteas Oibriúcháin** do Blue Cabs Teo. don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. (36)

**(B)** Cén céatadán den Ioncam Iomlán é Árachas? Taispeáin do chuid oibriúchán. (12)

**(C)** Bíonn **Acmhainní**, **Dliteanais** (Fiachais) agus **Caipiteal** ag gnólachtaí ina **gClár Comhardaithe**. Mínigh cad is ciall le haon **dá cheann** de na téarmaí a bhfuil line fúthu. (12)

**(60 marc)**

3. **Freagair (A), (B) agus (C). Baineann an Cheist seo le Daoine ag Obair agus le Litir a Scríobh**
*(Le comhlánu i do Fhreagarleabhar)*

Tá beartaithe ag Tom Mac Craith siopa nua a oscailt, ar a dtabharfar Stór Áise Tom, ag Bóthar an Tobair, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Tá sé i gceist aige grósaeirí, scroideanna, irisí agus uachtar reoite a dhíol. Tá sé ag súil le foireann de chúigear a fhostú. Ar 2 Aibreán 2004, scríobhann sé litir chuig Caitríona Ní Dhúill, Rúnaí, Oifig IBEC, Sráid na Coiribe, Gaillimh, ag lorg comhairle maidir leis na freagrachtaí a bhaineann le fostóirí agus fostaithe.

Ar 6 Aibreán 2004, scríobhann Caitríona freagra chuig Tom. Glacann sí buíochas leis as a fhiosrúchán agus luann sí **trí** fhreagracht a bheadh air mar **fhostóir** dá chuid fostaithe. Liostaíonn sí **trí** fhreagracht a bheadh ar a chuid **fostaithe** freisin. Ar deireadh guíonn sí rath ar Tom lena ghnó nua.

**(A)** Scríobh an litir a chuir Caitríona Ní Dhúill chuig Tom Mac Craith ar 6 Aibreán 2004. (40)

**(B)** Is eagraíocht é IBEC a fheidhmíonn ar son fostóirí. Cén sórt eagraíochta a fheidhmíonn ar son **fostaithe** ag obair? Luaigh sampla **amháin**. (5)

**(C)** Tá cuid mhaith téarmaí a bhaineann le fostaíocht, ar nós **Lucht Oibre**, **Jabthuairisc**, **Iomarcaíocht**, **Stíobhard Ceardlainne**, **Pá Dúbailte**, **Stailc.**

Mínigh go soiléir **trí** cinn de na téarmaí sin (abairt amháin i ngach cás). (15)

**(60 marc)**

**4.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D, E, F). Baineann an cheist seo le baincéireacht**
*(Le comhlánú ar leathanach 7 de Roinn A)*

Fuair Pól Mac Oireachtaigh an Ráiteas Bainc seo a leanas tríd an bpost:

| **AIB**<br>**An Phríomhshráid,**<br>**Loch Garman** | **Ráiteas Chuntas Reatha Uimh. 384** | | | |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Pól Mac Oireachtaigh<br>23 Bothar na Sláine<br>Loch Garman | | Ainm Cuntais: | Pól Mac Oireachtaigh | |
| | | Uimh. Chuntais: | 13249987 | |
| | | Dáta: | 31 Bealtaine 2004 | |
| | | Cód Sórtála: | 93-25-37 | |
| **Dáta** | **Sonraí Beart** | **Dr** | **Sr** | **Iarmhéid** |
| | | € | € | € |
| 01 Bealtaine 2004 | Iarmhéid ar aghaidh | | | 250.00 |
| 03 Bealtaine 2004 | Lóisteáil | | 850.00 | 1,100.00 |
| 05 Bealtaine 2004 | UMB – Brainse Ghuaire AIB | 200.00 | | 900.00 |
| 12 Bealtaine 2004 | Seic Uimh. 20011 | 150.00 | | 750.00 |
| 18 Bealtaine 2004 | Dochar Díreach Vodafone | 60.00 | | 690.00 |
| 24 Bealtaine 2004 | Seic Uimh. 20013 | 400.00 | | 290.00 |

**(A)** Cén banc agus cén brainse ina bhfuil a Chuntas Reatha ag Pól? (10)
*Freagair sa spás atá ar fáil ar leathanach 7 de Roinn A*

**(B)** De réir AIB, cé mhéad airgid atá ag Pól ina Chuntas Reatha ar 31 Bealtaine 2004? (6)

**(C)** Rinne Pól an lóisteáil ar 3 Bealtaine 2004. Bhí sé comhdhéanta de sheic ar €350.00 agus an chuid eile i nótaí. Comhlánaigh Duillín Lóisteála AIB agus an comhdhuille *(ag baint úsáide as an gceann bán atá ar fáil ar leathanach 7 de Roinn A).* (14)

**(D)** Mínigh an beart den 5 Bealtaine 2004. (10)

**(E)** Mínigh an beart den 18 Bealtaine 2004. (10)

**(F)** Thug Pól faoi deara nach raibh Seic Uimh. 20012, ar €100, a d'íoc sé lena dhochtúir ar 20 Bealtaine 2004, ar a Ráiteas Bainc. Luaigh cúis **amháin** leis sin. (10)

**(60 marc)**

**5.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D). Is ceist í seo ar Dhoiciméid Ghnó**
*(Le freagairt ar leathanaigh 8 agus 9 de Roinn A)*

Tá Micheál Ó Sé ina bhainisteoir ceannachán ag Crua-earraí DIY Teo. Ar 22 Márta 2004, fuair sé an luachan seo a leanas:

**Soláthairtí Crua-earraí Chiarraí Teo.**
**Eastát Tionsclaíoch an Mhuilinn, Trá Lí, Co Chiarraí**

**LUACHAN UIMH. 715**

Teileafón: 066-7991643
Feacs: 066-7996544
R-phost: khs@loi.ie

Uimh. Chlár. CBL: IE 6492457

19 Márta 2004

An Bainisteoir Ceannacháin
Crua-earraí DIY Teo.
Sráid an tSléibhe
Cill Áirne, Co. Chiarraí

| DÉANAMH UIMH. | TUAIRISC | PRAGHAS AN CEANN € | SEACHADADH |
|---|---|---|---|
| DH6 | Druilire Casúir Decko | 140.00 | Réidh |
| AL3 | Dréimire Taca Alúmanaim | 25.00 | Réidh |
| PS9 | Foireann Scriúirí Phillips | 7.50 | Réidh |
| TB7 | Bosca Láidir Uirlisí | 12.75 | Réidh |

Lascaine Thrádála 25% ar gach earra
CBL 20% ar gach earra
Carraeireacht Íochta; Le glacadh laistigh de 30 lá

Cinneann Micheál go bhfuil na Boscaí Láidre Uirlisí ró-dhaor. Cuireann sé Ordú (Uimh. 4923) chuig Soláthairtí Crua-earraí Chiarraí Teo. le haghaidh **50 Druilire Casúir Decko, 200 Dréimire Taca Alúmanaim agus 400 Foireann Scriúirí Phillips.**

Seachadtar na hearraí sin chuig Crua-earraí DIY Teo. i leoraí ar 29 Márta 2004. Nuair a shíníonn Micheál an nóta seachadta, tugann tiománaí an leoraí Sonrasc Uimh. 1623, dar dáta 29 Márta 2004, dó.

**(A)** Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh.1623 *(ar leathanach 8 de Roinn A)*. (30)

Tar éis an Sonrasc a sheiceáil in aghaidh na Luachana, scríobhann Micheál seic (Uimh. 700552), atá sínithe aige féin, ar son Chrua-earraí DIY Teo. mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Tugann sé don tiománaí é lena thabhairt ar ais chuig Soláthairtí Crua-earraí Chiarraí Teo.

**(B)** Luaigh cúis **amháin** gur cheart do Mhicheál an Sonrasc a sheiceáil in aghaidh na Luachana. (6)

**(C)** Comhlánaigh Seic Uimh. 700552 ag baint úsáide as an gceann bán agus an gcomhdhuille *(ar leathanach 9 de Roinn A*). (18)

**(D)** Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Chrua-earraí DIY Teo. *(Bain úsáid as ceann **amháin** de na cuntais bhainc ar leathanach 9 de Roinn A.)* (6)

**(60 marc)**

**6.**

**Freagair (A) agus (B). Baineann an cheist seo le Cuntais Fheirme**
(*Le comhlánú i do Fhreagarleabhar).*

Is feirmeoir í Cáit Ní Shúilleabháin a choinníonn Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe. Lóisteáltar an t-airgead go léir a fhaigheann sí ina cuntas reatha bainc ar an lá céanna agus déantar gach íocaíocht le seic.

Bhí na bearta seo a leanas aici le linn Bealtaine 2004:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2004 | | | |
| Bealtaine | 1 | Iarmhéid sa bhanc €3,500 | |
| | 4 | Dhíol eallach ar an margadh ar €8,500 | (Admháil Uimh. 401) |
| | 5 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €925 | (Seic Uimh. 811) |
| | 6 | Fuair deontas AE de €1,750 | (Admháil Uimh. 402) |
| | 11 | Cheannaigh eallach (laonna) ar €3,000 | (Seic Uimh. 812) |
| | 12 | D'íoc as deisiúcháin do tharracóir €850 | (Seic Uimh. 813) |
| | 14 | Cheannaigh ola díosail d'innealra €550 | (Seic Uimh. 814) |
| | 17 | D'íoc táillí le tréadlia €475 | (Seic Uimh. 815) |
| | 18 | Dhíol eallach ar an margadh ar €7,500 | (Admháil Uimh. 403) |
| | 19 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €2,400 | (Seic Uimh. 816) |
| | 20 | Fuair deontas stáit de €1,000 | (Admháil Uimh. 404) |
| | 25 | Cheannaigh eallach (laonna) ar €4,800 | (Seic Uimh. 817) |
| | 28 | Cheannaigh ola díosail d'innealra €700 | (Seic Uimh. 818) |

**(A)** Breac go hiomlán Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe Cháit Ní Shúilleabháin do Bhealtaine 2004, ag baint úsáide as na ceannteidil cholún airgid seo a leanas:

**Taobh na nAdmhálacha**: Iomlán, Eallach, Deontais, Eile.

**Taobh na nÍocaíochtaí**: Iomlán, Eallach, Beathú, Díosal, Eile.

Suimigh **gach** colún anailísithe agus comhardaigh an Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí ag deireadh na Bealtaine. (45)

**(B)** Luaigh **trí** chúis gur cheart d'fheirmeoir cuntais a choinneáil.

(15)

**(60 marc)**

**7.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D, E). Ceist í seo a bhaineann le Margaíocht agus Tionscnamh (Cur Chun Cinn) Díolachán**
*(Le comhlanú ar Leathanaigh 10 agus 11 de Roinn A)*

Tá roinnt siopaí ag Spórtstíleanna Teo. ar fud Chúige Laighean. Díolann siad geansaithe peile de na mórfhoirne contae. Sa bhliain 2003, bhí díolacháin na ngeansaithe mar seo a leanas:

| Ainm na Foirne: | An MHÍ | ÁTH CLIATH | LAOIS | CILL DARA | UÍBH FHÁILÍ | AN IARMHÍ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cainníocht: | 4,000 | 5,000 | 2,500 | 3,000 | 1,500 | 2,000 |

*Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá ar fáil ar leathanaigh 10 agus 11 de Roinn A.*

**(A)** Taispeáin an t-eolas thuas i bhfoirm **Bharrachairte** nó **Phíchairte**. *(Bain úsáid as an ngrafpháipéar ar leathanach 10 de Roinn A)* . (20)

**(B)** Ar phraghas €50 an geansaí, ríomh **Iomlán na nDíolachán** don bhliain 2003. Taispeáin do chuid oibriúchán. (8)

**(C)** Cén contae ina mbeadh súil agat an **spriocmhargadh** a aimsiú le haghaidh gheansaithe peile Laoise?
(5)

**(D)** Baineann Spórtstíleanna Teo. úsáid as taispeántais fhuinneog siopa chun díolachán geansaithe peile a chur chun cinn. Dá mbeifeá i do bhainisteoir díolachán ag Spórtstíleanna Teo., cén bealach (seachas taispeántais fhuinneog siopa) a roghnófá chun na geansaithe a chur chun cinn agus eolas fúthu a thabhairt don phobal?

Luaigh **dhá** chúis go gceapann tú go n-éireodh go maith le do rogha. (15)

**(E)** Is minic a deirtear gurb iad Táirgeadh, Praghas, Cur Chun Cinn agus Áit na **ceithre phríomhghné a bhaineann le margaíocht.** Mínigh go hachomair cén bhaint atá ag **gach ceann** de na ceithre phríomhghné seo le Spórtstíleanna Teo. (abairt amháin i ngach cás). (12)
**(60 marc)**

**8.** **Freagair gach cuid (A, B, C, D, E). Baineann an cheist seo le Táirgeacht agus Trádáil Eachtrach**
(*Le comhlánú ar Leathanach 12 de Roinn A)*

Tá trí lúb i Slabhra an Táirgthe - Príomhúil, Tánaisteach agus Seirbhísí.

**(A)** Mínigh go hachomair cad is ciall le **gach ceann** de na **trí** lúb. (18)

**(B)** Abair cé acu Príomhúil, Tánaisteach nó Seirbhísí **gach ceann** díobh seo a leanas:

DOCHTÚIR MIANADÓIR BÁICÉIR GRUAGAIRE TÓGÁLAÍ (10)

Ceannaíonn Éire ó thíortha eile (allmhairiú) agus díolann sí le tíortha eile (onnmhairiú).

**(C)** Luaigh **dhá** chuis a n-allmhairíonn Éire earraí agus seirbhísí ó thíortha eile. (12)

**(D)** Luaigh **dhá** shampla d'earraí a n-allmhairíonn Éire go leor díobh. (10)

**(E)** Luaigh **dhá** chúis a n-onnmhairíonn Éire earraí agus seirbhísí go tíortha eile. (10)
**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.**